C/2024/1622

19.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11309 – KINGPSAN / NWG)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1622)

1. An 9 Feabhra 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Kingspan Holdings Ireland Limited ('Kingspan', Éire)

— Nordic Waterproofing Group AB ('NWG', an tSualainn)

Gheobhaidh Kingspan rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar NWG.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 10 Deireadh Fómhair 2023.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Kingspan gníomhach i monarú scannán dín agus uiscedhíonta, painéal srathaithe inslithe, bord inslithe, réiteach solais agus aeir, uisce agus fuinneamh, agus teicneolaíocht sonraí agus urláir ar fud an domhain,

— Tá an NWG gníomhach i dtáirgí agus réitigh uiscedhíonta a fhorbairt, a mhonarú agus a sholáthar chun foirgnimh agus bonneagar a chosaint, chomh maith le seirbhísí suiteála comhlántacha a sholáthar, in LEE, go príomha sa réigiún Nordach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11309 – KINGSPAN / NWG

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').